COMHDHÁIL AR AONTACHAS LEIS AN AONTAS EORPACH – AN ALBÁIN –

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**AD 48/26**

**LIMITE**

**CONF-ALB 10**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>- Caibidil 30: Caidreamh seachtrach |

# CAIBIDLÍOCHT AONTACHAIS

## AN ALBÁIN

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS

(Mar fhreagairt ar fhaisnéis bhreise a chuir an Albáin ar fáil)

PUBLIC

---

**Cnuasach 6: Caibidil chaibidlíochta 30**

**Caidreamh seachtrach**

---

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais leis an Albáin (AD 5/22 CONF-ALB 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

– na riachtanais a leagtar amach i bpointí 2, 3, 5, 6, 10, 14, 16, 23, 31, 38, 39, 45, 46, 47 agus 48 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas don Albáin leanúint den phróiseas ailínithe le *acquis* an Aontais agus caighdeáin Eorpacha agus dá chur chun feidhme agus dá fhorfheidhmiú éifeachtach, agus molann sé di go ginearálta, roimh aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann an Albáin, ina seasaimh AD 24/24 (CONF-ALB 7) agus AD 43/26 CONF-ALB 5, le *acquis* an Aontais faoi chaibidil 30 mar atá i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2026, agus go ndearbhaíonn an Albáin go mbeidh sí faoi réir lena chur chun feidhme faoi dháta a haontachais leis an Aontas Eorpach.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú na hAlbáine le *acquis* an Aontais i réimse **an chomhbheartais tráchtála**. Meabhraítear don Aontas nach mór don Albáin a áirithiú go dtabharfar a comhaontuithe idirnáisiúnta chun comhréireachta le *acquis* an Aontais faoi dháta an aontachais agus go gcuirfear reachtaíocht uile an Aontais atá ceangailteach go díreach i réimse chomhbheartas tráchtála an Aontais i bhfeidhm go héifeachtach faoi dháta an aontachais. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar a hacmhainneacht riaracháin i ndáil leis sin. Tugann an tAontas dá aire tiomantas na hAlbáine, i gcomhthéacsanna iltaobhacha agus déthaobhacha, a bheith ag teacht le seasaimh an Aontais faoin gcomhbheartas tráchtála faoi dháta an aontachais. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin comhoibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gach athrú a thagann ar an mbeartas trádála sa tréimhse réamhaontachais agus í féin a ailíniú le beartais seasaimh an Aontais i leith tríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear sa chaibidlíocht go léir san Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Molann an tAontas don Albáin páirt a ghlacadh sa ghrúpa de chomhaltaí EDT a chuir in iúl le linn MC14 go raibh sé ar intinn acu Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Ríomhthráchtáil (ECA) a chur chun feidhme a luaithe is féidir. Tá an tAontas ag súil go ndéanfaidh an Albáin a haontachas leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go bhfuil sé de fhreagracht ar an Albáin a áirithiú go mbeidh a comhaontuithe idirnáisiúnta uile, agus go háirithe gach comhaontú a bhaineann le trádáil nó gach conradh déthaobhach infheistíochta idir an Albáin agus tríú tíortha, i gcomhréir leis an *acquis* tráth an aontachais. Meabhraítear don Aontas go mbeidh sé de cheangal ar an Albáin deireadh a chur le gach comhaontú déthaobhach atá ann cheana idir an Albáin agus tríú tíortha, faoi dháta an aontachais, agus le gach comhaontú idirnáisiúnta eile arna thabhairt i gcrích ag an Albáin nach luíonn leis na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht san Aontas.

Tugann an tAontas dá aire, agus is díol sásaimh dó, gealltanas na hAlbáine a comhaontuithe saorthrádála uile a shéanadh ina n-iomláine faoi dháta an aontachais agus a áirithiú go ndéanfar gach comhaontú maidir le trádáil, infheistíocht agus comhar eacnamaíoch agus gach comhaontú ábhartha eile a thabhairt chun comhréireachta leis an *acquis*.

Tugann an tAontas dá aire gur ghlac an Albáin, chun na críche sin, plean gníomhaíochta cuimsitheach ina bhfuil fardal cuimsitheach dá comhaontuithe idirnáisiúnta d'fhonn na comhaontuithe sin a thabhairt chun comhréireachta leis an *acquis* ó lá an aontachais.

PUBLIC

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin ceanglais an dara tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 25/24 CONF-ALB 8).

Iarrtar ar an Albáin an tAontas a choinneáil ar an eolas maidir le hábhar aon chaibidlíochta le tríú tíortha ar an mbonn sin agus dlúthchomhordú a dhéanamh ar aon chaibidlíocht den sórt sin leis an gCoimisiún. Cuireann an tAontas i bhfios gur cheart foráil a áireamh in aon chomhaontú nua a bhaineann le trádáil a d'fhéadfadh an Albáin a thabhairt i gcrích le tríú tír idir seo agus dáta an aontachais lena gcuirfear ar chumas na hAlbáine deireadh a chur leis an gcomhaontú, roimh an aontachas, gan aon ghá le cúiteamh de chineál ar bith ón Aontas agus tugann sé dá aire gealltanas na hAlbáine ina leith sin. Tugann an tAontas dá aire go mbeidh ar an Albáin taraif sheachtrach an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le gach táirge agus léirscaoileadh trádála de chuid an Aontais i seirbhísí, ó lá an aontachais ar aghaidh.

Tugann an tAontas dá aire ailíniú foriomlán reachtaíocht na hAlbáine le Rialachán (AE) 2021/821 maidir le **rialú onnmhairiúcháin earraí dé-úsáide**. Iarrann an tAontas ar an Albáin idirdhealú soiléir a choinneáil idir na sásraí lena rialaítear earraí dé-úsáide agus míleata, agus leanúint de bheith ag ailíniú leis na nuashonruithe ar Rialachán (AE) 2021/821, go háirithe maidir le liosta na n-earraí dé-úsáide atá faoi réir rialaithe a áirítear in Iarscríbhinn I. Iarrann an tAontas ar an Albáin feabhas a chur ar a hacmhainneacht riaracháin agus ar a hullmhú foirne chun rialacha an Aontais sa réimse sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach tráth an aontachais.

Ní mór don Albáin freisin rialacha an Aontais maidir le creidmheas onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach bhearta cosanta trádála an Aontais a áirithiú tráth an aontachais. Tugann an tAontas dá aire na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Albáin chun páirt a ghlacadh i g**Comhshocraíocht Wassenaar**, lena bhféadfar ullmhúcháin a éascú chun an *acquis* a chur chun feidhme maidir le hearraí dé-úsáide. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur thíolaic an Albáin an t-iarratas foirmiúil chun páirt a ghlacadh i gComhshocraíocht Wassenaar i mí an Mheithimh 2025. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé dearbhaithe ó mhí an Mheithimh 2025 go dtaobhaíonn an Albáin go haontaobhach le **grúpa na hAstráile**. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin a haontachas luath le Grúpa na Soláthraithe Núicléacha agus le Córas Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán a áirithiú.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin cuid a haon de cheanglais an chéad tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 25/24 CONF-ALB 8).

Tugann an tAontas dá aire ailíniú na reachtaíochta lena rialaítear **scagadh infheistíochtaí díreacha coigríche (IDC)** san Albáin le Rialachán (AE) 2019/452 maidir le scagadh IDC. Leagann an tAontas béim freisin ar a thábhachtaí atá sé don Albáin a creat dlíthiúil a ailíniú go leanúnach agus a chur chun feidhme go héifeachtach le *acquis* an Aontais agus iarrann sé ar an Albáin an acmhainneacht riaracháin is gá a áirithiú chun rialuithe a fhorfheidhmiú.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin cuid a dó de cheanglais an chéad tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach sa Chomhsheasamh ón Aontas (AD 25/24 CONF-ALB 8).

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil an Albáin ina páirtí i b**Próiseas Kimberley** i réimse na n-**ionstraimí beartais eachtraigh**. Tugann an tAontas dá aire freisin go mbeidh an Albáin ina páirtí go huathoibríoch i bPróiseas Kimberley ó dháta an aontachais leis an Aontas. Dá bhrí sin, iarrann an tAontas ar an Albáin leanúint dá hullmhúcháin, lena n-áirítear ailíniú reachtach, chun a áirithiú, ó dháta an aontachais, go gcuirfear na rialacha lena rialaítear Próiseas Kimberley i bhfeidhm.

Tugann an tAontas dá aire gur chuir an Albáin reachtaíocht chun feidhme atá ailínithe le Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an bh**frithchéastóireacht**, mar a leasaíodh é**.** Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá forfheidhmiú éifeachtúil na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú tráth an aontachais.

I bhfianaise ailíniú thuasluaite na reachtaíochta náisiúnta le Rialachán (AE) 2021/821 maidir le rialú onnmhairiúcháin earraí dé-úsáide, Rialachán (AE) 2019/452 maidir le scagadh IDC agus cur chun feidhme na reachtaíochta atá ailínithe le Rialachán (AE) 2019/125 maidir leis an bhfrithchéastóireacht, measann an tAontas gur chomhlíon an Albáin ceanglais an chéad tagarmhairc deiridh don chaibidil seo mar a leagtar amach i gComhsheasamh an Aontais (AD 25/24 CONF-ALB 8).

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin tiomanta do bheartas agus do phrionsabail an Aontais lena dtreoraítear a comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i réimse an **bheartais gníomhaíochta seachtraí**. Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir le hullmhúcháin na hAlbáine i réimse an bheartais forbartha agus a pleananna chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh. Molann an tAontas don Albáin cur leis an acmhainneacht riaracháin agus airgeadais is gá a fhorbairt chun a gealltanais a chomhlíonadh, lena n-áirítear a chion a dhéanamh chun spriocanna Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) an Aontais a bhaint amach.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Albáin tiomanta do bheartas agus do phrionsabail an Aontais lena dtreoraítear soláthar na cabhrach daonnúla i **réimse an bheartais maidir le cabhair dhaonnúil**. Tugann an tAontas dá aire go gcinntear ranníocaíochtaí daonnúla fós ar bhonn cás ar chás in éagmais creat reachtach náisiúnta. Tugann an tAontas dá aire pleananna na hAlbáine creat dlíthiúil a bhunú lena gcumhdófar an beartas maidir le cabhair dhaonnúil do thríú tíortha i gcomhréir le beartais agus prionsabail an Aontais. Molann an tAontas don Albáin cur leis an acmhainneacht airgeadais agus riaracháin is gá chun a gealltanais a chomhlíonadh.

Tugann an tAontas dá aire, maidir le **comhrac an éillithe sa chaidreamh seachtrach**, go bhfuil creat dlíthiúil i bhfeidhm ag an Albáin chun an t-éilliú a chomhrac ina dlí coiriúil féin chomh maith leis na dlíthe lena rialaítear cosc agus brath an éillithe i bhforálacha sonracha. Molann an tAontas don Albáin leanúint de chomhrac an éillithe trí na bearta frithéillithe a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus múscailt feasachta. Iarrann an tAontas ar an Albáin freisin ionracas a riaracháin a neartú chun aghaidh a thabhairt ar riosca an éillithe i gcur chun feidhme na reachtaíochta sa chaibidil seo.

* * *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

PUBLIC

Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hailíniú le *acquis* an Aontais agus maidir lena chur chun feidhme le linn na caibidlíochta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird faoi leith ar an bhfaireachán ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn acmhainneacht riaracháin na hAlbáine, ailíniú dlíthiúil iomlán, chomh maith le cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* sa chaibidil seo a áirithiú. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní féidir measúnú críochnaitheach a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht na hAlbáine le *acquis* an Aontais ná ar a hacmhainneacht cur chun feidhme go dtí céim níos déanaí sa chaibidlíocht. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar an Albáin faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a thabhairt go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an *acquis* agus neartú a chumais riaracháin.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idir an 1 Bealtaine 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC